

# **SAMSUNG**

## **Samsung Portable SSD X5**

### **Lámhleabhar Úsáideora**

MU-PB500B MU-PB1T0B MU-PB2T0B

# SÉANADH

COIMEÁDANN SAMSUNG ELECTRONICS AN CEART CHUN TÁIRGÍ, FAISNÉIS AGUS SONRAÍOCHTAÍ A ATHRÚ AM AR BITH GAN FHÓGRA.

Soláthraítear an fhaisnéis sa cháipéis seo i ndáil le táirgí le Samsung Electronics Co. Ltd. ("Samsung"). Is chun críocha tagartha amháin iad na tuairiscí táirgí agus na sonraíochtaí a fhaightear sa cháipéis seo. Is féidir gach faisnéis a phléitear sa cháipéis seo a athrú am ar bith gan fhógra, agus is ar an mbunús "IS AMHLAIDH" a thugtar í, gan aon bharántaí de chineál ar bith. Is le Samsung amháin agus go heisiach í an mhaoin a fhaightear sa cháipéis seo agus gach faisnéis a phléitear sa cháipéis seo. Ní dheonaítear ceadúnas ar bith d'aon phaitinn, cóipcheart, mascobair, trádmarc ná aon cheart maoin intleachtúla eile leis an gcáipéis seo, go sainráite ná go hintuigthe, urbhaic nó trí mhodh éigin eile. Seachas mar a fhoráiltear i dtéarmaí agus coinníollacha díola Samsung faoi chomhair táirgí mar sin, séanann Samsung aon bharánta sainráite ná intuigthe, i dtaca le díol agus/nó úsáid táirgí Samsung, lena n-áirítear dliteanas ná barántaí a bhaineann le hinniúlacht chun críche faoi leith, indíoltachta, ná sárú paitinne, cóipchirt nó cirt mhaoine intleachtúla ar bith eile. Níl táirgí Samsung ceaptha lena n-úsáid i bhfeidhmeanna tacaíochta beatha, cúraim chriticiúil, míochaine, trealaimh shábháilteachta, ná feidhmeanna comhchosúla, i gcás go bhféadfaí cailliúint bheatha nó díobháil cholanda a bheith mar thoradh ar chliseadh táirge, ná i bhfeidhm mhíleata nó cosanta ar bith, ná i soláthar poiblí ar bith lena mbainfeadh téarmaí nó forálacha speisialta. Chun nuashonruithe nó faisnéis breise a fháil faoi tháirgí Samsung, déan teagmháil le do stór áitiúil le Samsung nó tabhair cuairt ar láithreán gréasáin Samsung (<https://www.samsung.com/portable-ssd> agus <https://www.samsung.com/support>). Is trádmarcanna cláraithe iad Samsung agus suaithéantais Samsung le Samsung Electronics Co., Ltd. nó lena chleamhnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i dtíortha eile. Is féidir ainmneacha agus brandaí eile a éileamh mar mhaoin le dreamanna eile.

Cóipcheart le © 2018, Samsung Electronics Co., Ltd. Gach ceart ar cosaint.

# Samsung Portable SSD X5

## Lámhleabhar Úsáideora

### Clár na nÁbhar

Réamhrá.....	1
Ag Tosú.....	2
Céard atá sa Bhosca .....	2
An chaoi chun Ceangal / Dícheangal .....	2
Riachtanais Chórais .....	3
Riachtanais Chórais Oibriúcháin.....	3
Formáidí Comhaid.....	4
Toilleadh an X5 a thaispeántar ar an gCóras.....	4
X5 a úsáid .....	5
X5 a cheangal.....	5
X5 a dhícheangal .....	5
Iompar LED de réir stádais táirge .....	6
Bogearraí Samsung Portable SSD a shuiteáil .....	6
Rabhadh .....	15
Cúltacaigh sonraí tábhachtacha .....	15
Cosain pasfhocal úsáideora .....	15
Ceangail le Gléasanna Creidiúnaithe; Comhlíonadh le Caighdeán Sábháilteachta .....	15
Seachain Suaitheadh, Creathadh.....	15
Ná Díchóimeáil, Ná Déan díobháil, nó ná Bain lipéad.....	15
Úsáid Oiriúintí Dílse.....	16
Bain úsáid i dTeocht agus Taise Chúí .....	16
Ná húsáid an lámh láidir agus tú ag tarraingt nó ag díphlugáil an chábla .....	16
Feidhmigh Scanadh agus Nuashonruithe Víris.....	16
Glan an Táirge.....	16
Coimeád ar shiúl ó aimsiú Leanaí, Naíonán agus Ainmhithe .....	16
Sonraíochtaí agus Deimhnithe an Táirge .....	17
Sonraíochtaí an Táirge .....	17
Deimhnithe.....	18

# Réamhrá

Is stóras seachtrach réabhlóideach atá in Samsung Portable SSD X5 le teicneolaíochtaí ceannródaíocha NVMe™ agus Thunderbolt™ 3 comhtháite. Dearadh an X5 do chruthaitheoirí inneachair agus gairmithe ardteicneolaíochta a dteastaíonn uathu rochtain thapa agus shlán a dhéanamh ar shonraí i réiteach stórála éadrom agus dlúth. Tá an X5 chun tosaigh sa tionscal freisin le rogha ann do thoilleadh 2TB.

Is lena luas lasrach, lena thoilleadh ard agus lena chosaint sonraí a ligtear do threoraithe inneachair chun inneachair ardaifigh a láimhseáil níos tapa agus níos sláine sa láthair oibre fhorásach

## Luas gan sárú

Is leis an Samsung Portable SSD X5 a luathaítear sineirgí teicneolaíochtaí idir teicneolaíochtaí NVMe™ agus Thunderbolt™ 3, rud a thairgeann comhéadan iontach tapa le bandaleithead suas le 40Gbps.

Soláthraítear leis an X5 scríobhluasanna/léamhluasanna chomh mór le 2,800/2,300MB/s faoi seach, ar mó ná cúig huaire níos tapa ná an USB 3.1 PSSD reatha (SATA-bhunaithe) agus níos mó ná cúig oiread is fiche níos tapa ná HDD seachtrach<sup>1)</sup>.

## Dearadh Réabhlóideacha agus Iontaofacht Dhea-Innealtóireachta

Agus spreagadh le sárcharr, tá dearadh dinimiciúil an X5 barrfheabhsaithe don fheidhmíocht agus don iontaofacht. Agus leas á bhaint as cabhail lánmhiotail mhaignéisiam ar marthanach agus éadrom í, seasfaidh an X5 i gcoinne titime suas le dhá mhéadar (6.6 troithe)<sup>2)</sup>.

Tá na teicneolaíochtaí is déanaí maidir le bainistiú teirmeach comhtháite leis an X5. Is cosaint í teicneolaíochta an Gharda Theirmigh Dhinimiciúil i gcoinne róthéimh ach teochtaí oibriúcháin bharrfheabhsaithe a chothabháil go huathoibríoch, agus slogaide teasta - réiteach meicniúil - ag íoslaghdú na giniúna teasa foriomláine go himmheánach.

## Cosaint Sonraí Láidir

Tairgtear cosaint sonraí chumhachtach leis an X5 trí bhogearraí Samsung Portable SSD. Is féidir leat rochtain ar do X5 a bhainistiú go héasca agus úsáid á baint as cosaint le pasfhocal atá bunaithe ar chriptiúchán cruá-earraí AES 256 giotán.

---

<sup>1)</sup> Bunaithe ar thorthaí tástála inmheánaí (Feidhmíocht léite)

<sup>2)</sup> Stiúradh an tástáil turrainge shaorthitime faoi choinníollacha rialaithe.

\* Is trádmharc cláraithe atá sa mharc dearaidh NVM Express® le NVM Express, Inc.


\* Is trádmharc é Thunderbolt agus lógó Thunderbolt le Intel Corporation i SAM agus/nó i dtíortha eile.

# Ag Tosú

Sula n-úsáideann tú Samsung Portable SSD X5 (ar a dtugtar "X5"), léigh an Lámhleabhar Úsáideora seo go mion ionas go mbeidh a fhios agat conas an táirge a úsáid ar bhealach cuí sábháilte.


## Céard atá sa Bhosca

- Samsung Portable SSD X5
- Cábla USB-C Thunderbolt™ 3 (40 Gbps)
- Treoir Mhearthosaithe & Ráiteas Baránta



## An chaoi chun Ceangal / Dícheangal

- ① Ceangail an tiomántán leis an bport Thunderbolt™ 3 ar do Mac nó ríomhaire Windows.
- ② Úsáid “Díchuir”, “Díghléas” nó “Bain Crua-earraí go Sábháilte” i gcónaí agus tú ag dícheangal an X5 le do chuid sonraí a chosaint.



## Riachtanais Chórais

Mac agus ríomhairí Windows le poirt Thunderbolt™ 3<sup>3)</sup> 4)


### ※ Tacaíocht comhéadain Thunderbolt™ 3

Is comhéadan crua-earraí atá in Thunderbolt™ 3 lena gcumasaítear aistriú sonraí ardluais suas le bandaleithead 40Gbps ar dhá uair níos tapa ná an Thunderbolt™ 2 roimhe seo é agus ar ocht n-uair níos tapa ná USB 3. Is le comhtháthú nascóir USB-C<sup>5)</sup>, a sheachadann Thunderbolt™ 3 an nasc ilúsáide is áisiúla le gléasanna sonraí, leapacha nasctha, scáileáin, etc.

## Riachtanais Chórais Oibriúcháin

- macOS Sierra (leagan 10.12) nó níos airde
- Windows 10 64 giotán RS2 nó níos airde

### ※ An chaoin chun teacht ar fhaisnéis OS in Windows 10<sup>6)</sup>

1. Téigh chuig **Tosaigh** , clóscríobh maidir le, agus roghnaigh ansin **Maidir le do ríomhaire**.
2. Cuardaigh faoi **ríomhaire** le haghaidh **Leagan** chun fáil amach cén leagan de Windows 10 a ritear ar do ríomhairese.  
Nó brúigh ar **eochar lógó Windows + R**, clóscríobh **winver**, agus roghnaigh **OK** ansin.  
→ Aithnítear RS2 (Redstone 2) mar “Leagan 1703” ar chórais Windows 10.
3. Cuardaigh faoi **ríomhaire** i gcomhair **Cineál córais** chun fáil amach an ritear leagan 32-giotán nó 64-giotán de Windows.

---

<sup>3)</sup> Gan bheith comhoiriúnach go siarghabhálach/ní oibríonn ar ríomhairí nach dtacaíonn ach amháin le USB.

<sup>4)</sup> Nuashonraigh an BIOS córais, an tiomántan agus an uirlis tomhais feidhmíochta leis an leagan is déanaí i gcónaí.

<sup>5)</sup> Tá nascóir USB-C ag Thunderbolt™ 3, ach caithfear an X5 a úsáid ar Mac nó ríomhaire Windows le port Thunderbolt™ 3 agus ní oibríonn ar phoirt USB-c nach dtacaíonn le Thunderbolt™ 3.

<sup>6)</sup> Foinse: Láithreán gréasáin Microsoft™ (Tacaíocht)  
(<https://support.microsoft.com/en-us/help/13443/windows-which-operating-system>)

## Formáidí Comhaid

Tá X5 réamhfhormáidithe isteach ag baint úsáide as an gcóras comhaid exFAT atá tacaíte ag córais oibriúcháin Windows OS agus Mac OS. Braithfidh inléiteacht nó inscríofacht sonraí atá formáidithe ina bhformáid áirithe ar do ríomhaire ar an OS, faoi mar atá sainithe sa tábla thíos. Má úsáideann tú X5 ar OS amháin, moltar duit an X5 a fhormáidiú de réir na formáide cuí comhaid le haghaidh an OS sin. (e.g.) Srianta léimh/scríofa le haghaidh córas comhaid a bhaineann le gach córas oibriúcháin

Formáidí Comhaid	Windows OS	Mac OS
exFAT	Inléite agus inscríofa araon	Inléite agus inscríofa araon
NTFS	Inléite agus inscríofa araon	Inléite amháin
HFS	Neamh-inaitheanta	Inléite agus inscríofa araon

\* Nuair a úsáidtear exFAT thar chórais oibriúcháin ilíocha, d'fhéadfadh scríobh sonraí éirí glasáilte agus b'fhéidir nach mbeidh tú in ann ach sonraí amháin a léamh. Má thagann tú ar fhadhb dá leithéid, féadfaidh tú rochtain chun scríofa a aischur ach na treoracha thíos a leanúint.

- Mac OS: Ceangail X5 le do Mac arís, agus feidhmigh Díchuir.
- Windows OS: Nuair a phreabann an fógra aníos ag léiriú go bhfuil rochtain scríofa díchumasaithe, cliceáil ar “Scan agus deisigh” chun Seiceáil an Diosca a dhéanamh (CHKDSK). Más amhlaidh gur dhún tú an fógra gan Seiceáil Diosca a dhéanamh, is féidir leat é a dhéanamh ach an tiomántán a roghnú → Deaschliceáil → Airíonna → Uirlisí → cliceáil ar Seiceáil.

## Toilleadh an X5 a thaispeántar ar an gCóras

D'fhéadfadh an toilleadh arna thuairisciú ag an gcóras lena bhfuil X5 nasctha a bheith éagsúil ón toilleadh lipéadaithe, mar gheall ar an difríocht idir na córais tomhais dheachúlacha agus dhénártha agus fachtóirí eile lena n-áirítear deighilt agus blocáil an tiomántáin.

\* e.g.: Windows OS: 1 GB = 1024MB, Mac OS: 1GB = 1000MB

Úsáideann toilleadh lipéadaithe córas deachúlach agus tá sé intiontaithe mar atá thíos:

1 GB=1,000,000,000 giotán, 1 TB=1,000,000,000,000 giotán


D'fhéadfadh do ríomhaire toilleadh ní b'ísle a léiriú mar gheall go bhfuiltear ag úsáid caighdeáin tomhais dhifriúil.

## X5 a úsáid

### X5 a cheangal

Roghnaigh an cábla atá comhoiriúnach le do ghléas. Naisc ceann amháin den chábla leis an ngléas agus an ceann eile leis an X5.

Nuair a bhaintear úsáid den chéad uair as stórais Thunderbolt 3 (X5) laistigh de Windows OS, ní foláir duit “Ceadaigh” a thabhairt do ghléasanna Thunderbolt 3. Roghnaigh “Ceangail i gCónaí” agus “OK” ansin.



### X5 a dhícheangal

Bí cinnte an ghné Bain Crua-earraí go Sábháilte a úsáid do gach dícheangal den X5. D'fhéadfadh cailliúint nó damáistí sonraí tarlú don X5 má dhíphlúgáilann tú ón ríomhaire gan feidhmiú na gné Bain Crua-earraí go Sábháilte.

\* Ní bheidh Samsung faoi dhliteanas as aon chaillteanas sonraí úsáideora ná damáiste don táirge mura gcloíonn an t-úsáideoir leis an treoir seo.


### Crua-earraí a Bhaint go Sábháilte faoi gach OS

OS Ríomhaire	Tuairisc
Windows OS	Ach a roghnaítear Bain Crua-earraí go Sábháilte ón tráidire, roghnaigh an gléas ar mian leat a bhaint agus cliceáil ar Díchuir. Nuair a bheidh an gléas bainte go sábháilte, gheobhaidh tú fógra ón OS.
Mac OS	Deaschliceáil ar an deilbhín X5, agus roghnaigh Díchuir nó tarraing an deilbhín chuig Bruscar chun an táirge a bhaint go sábháilte. Bain an cábla nuair a thagann dath dearg ar an táscaire gníomhaíochta LED ar an táirge agus ansin nuair a chasann sé as.



## Iompar LED de réir stádais táirge

Cuirtear síos sa tábla seo a leanas ar iompar LED de réir Stádais X5.



Stádas táirge	Iompar LED
Plugáilte isteach / Díomhaoin	Bán soladach
Léamh / Scríobh	Dath bán léimneach

## Bogearraí Samsung Portable SSD a shuiteáil

(I gcomhair chosaint le pasfhocal agus nuashonrú Dochtearraí)

Ceangail an X5 le ríomhaire pearsanta/glúin, aimsigh na comhaid suiteála thíos sa chomhad gléasanna, agus suiteáil an ceann iomchuí.

- Windows OS: SamsungPortableSSD\_Setup\_Win.exe
- Mac OS: SamsungPortableSSD\_Setup\_Mac.pkg

\* Oibríonn X5 ar ríomhairí pearsanta (Mac / Windows PC) a thacaíonn le Thunderbolt™ 3. Ní thacaíonn ach amháin leaganacha ríomhaire (macOS version/Windows OS version) de Bhogearraí Samsung Portable SSD leis an X5, agus ní thacaíonn an leagan Android reatha (Aip).

\* Má dhéanann tú deighilt an X5 a fhoráidíú i ndiaidh a cheannach, scríosfar Bogearraí Samsung Portable SSD atá stóráilte sa tiomántán. I gcásanna mar sin, íoslódáil feidhmchlár “Samsung Portable SSD” ó shuíomh gréasáin Samsung (<http://www.samsung.com/portable-ssd>)

\* Nuair a shuiteálfar Bogearraí Samsung Portable SSD le haghaidh X5 bainfear an leagan roimhe sin de go huathoibríoch, má bhíonn sé fós i do ríomhaire.

## 1. Bogearraí Samsung Portable SSD a rith

Roghnaigh deilbhín fheidhmchlár “Samsung Portable SSD” ar an Deasc.


\* D'fhéadfadh sé nach n-oibreodh Bogearraí Samsung Portable SSD mura bhfuil an gléas (tiomántán) cumasaithe.



Deilbhín Bogearraí Samsung Portable SSD

## 2. Pasfhocal a shocrú (Roghnach)

Lean na treoracha a thaispeántar ar gach scáileán de Bhogearraí Samsung Portable SSD. Nuair a aontaíonn tú le téarmaí agus coinníollacha Bhogearraí Samsung Portable SSD, féadfaidh tú na céimeanna seo a leanas a ghlacadh chun pasfhocal a shocrú. (Beidh gnéithe áirithe de Bhogearraí Samsung Portable SSD suiteáilte ar ríomhaire an úsáideora le haghaidh cosanta phasfhocail.)



\* Níl Samsung freagrach as aon chailteanas sonraí úsáideora de bharr pasfhocal dearmadta nó goidte. Chun an gléas a choinneáil chomh slán agus is féidir, níl rogha aisghabhála pasfhocail ar bith ann. Má dhéantar dearmad ar an bpassfhocal, beidh ar úsáideoirí an X5 a aiscur chuig na socruithe monarchan tríd an tseirbhís ar líne a chuireann ár lárionaid seirbhíse do chustaiméirí ar fáil. Meabhraigh go gcaillfear na sonraí úsáideora ar fad a cuireadh in X5 tríd an athshocrú monarchan. Bí cúramach agus ná déan dearmad ar do phasfhocal nó ná caill in áit éigin é.

\* **Ní theastaíonn ach Mac OS**, “Samsung Portable SSD” amháin d'fheidhmiúlacht slándála. Mura bhfuil síneadh na heithne suiteáilte, críochnaigh an tsuiteáil ach cloí leis an seicheamh ar phacáiste na suiteála. Agus é suiteáilte, dícheangail agus athcheangail an X5 lena dhearbhú gur éirigh leis an tsuiteáil.

\* **Níl ach Mac OS**, tiomántán “Samsung Portable SSD” agus roinnt de na tiomántáin 3ú páirtí, lena n-áirítear SATSMARTDriver comheisiach. Más mian leat oibriú le SATSMARTDriver, bain tiomántán Samsung Portable SSD de agus suiteáil SATSMARTDriver mar an treoir seo a leanas.

\* Nuair atá Samsung Portable SSD Driver agus SATSMARTDriver suiteáilte agus má bhraitear coinbhleacht éigin, beidh treoracha amhail iad seo a leanas ar fáil:

**Conas Tiomántán Samsung Portable SSD a bhaint de agus SATSMARTDriver a shuiteáil**

```
#sudo kextunload /System/Library/Extensions/SamsungPortableSSDDriver.kext
```

```
#sudo kextload /System/Library/Extensions/SATSMARTDriver.kext
```


**Conas SATSMARTDriver a bhaint de agus SamsungPortableSSDDriver a shuiteáil**

```
#sudo kextunload /System/Library/Extensions/SATSMARTDriver.kext
```


```
#sudo kextload /System/Library/Extensions/SamsungPortableSSDDriver.kext
```

### 3. Díghlasáil

Má tá cosaint phasfhocail cumasaithe agat, gach uair a nascann tú X5 le do ríomhaire beidh ort do phasfhocal a iontráil agus an cnaipe "UNLOCK" a chiceáil sula mbeidh rochtain agat ar na sonraí in X5. Má theipeann ort an pasfhocal ceart a chlósscríobh, beidh do rochtain cúngaithe go dtí toilleadh thart ar 128MB arna leithdháileadh ar SamsungPortableSSD.exe agus SamsungPortableSSD.app, rud a chiallaíonn go mbeidh tú glasáilte amach as na sonraí ag pasfhocal.



Díghlasáil scáileán



### Scáileán baile

- \* Ag brath ar an timpeallacht úsáideora, b'fhéidir nach gcuirfí "Bogearraí SamsungPortableSSD" i bhfeidhm go huathoibríoch. I gcás mar sin, cliceáil faoi dhó ar dheilbhín "Bogearraí SamsungPortableSSD" in Explorer ar Windows nó sa Deasc ar Mac.
- \* D'fhéadfadh sé go bhfuil cosaint phasfhocail tacaithe ag leagan áirithe gach OS (nó ag leagan níos déanaí) amháin. Seiceáil an gcomhlíonann do OS na riachtanais chórais agus an dtacaíonn sé le cosaint phasfhocail.
- \* Más rud é go bhfuil cosaint phasfhocail cumasaithe, ní thaispeántar ach toilleadh dheighilt slándála an X5 ar dtús. Is ionann méid na deighilte slándála sin agus tuairim ar ~128 MB. Ach a n-iontrálann tú an pasfhocal agus a ndíghlasálann tú go rathúil, taispeánfar toilleadh iomlán an X5 i do chóras.
- \* Is féidir leat Samsung Portable SSD eile a roghnú trí chliceáil ar ainm an X5 ar an bpainéal clé. Tá gach óstghléas (suas le 6 cinn) lena bhfuil Samsung Portable SSD nasctha liostaithe ar Bhogearraí Samsung Portable SSD.



#### 4. Athrú sna Socruithe


Is féidir leat do mhód slándála/d'ainm úsáideora/do phasfhocal/ den X5 a athrú trí chliceáil ar an gcnaipe "SOCRUITHE" ar an bpríomhleathanach. Má úsáideann tú ríomhaire gan bogearraí slándála, is féidir leat comhad na suiteála a íoslódáil ("SamsungPortableSSD\_Setup\_Win.exe" do Windows OS, "SamsungPortableSSD\_Setup\_Mac.pkg" do Mac OS) ó shuíomh Gréasáin Samsung (<http://www.samsung.com/portable-ssd>) agus é a shuiteáil chun na socruithe a athrú.

- **Mód slándála**


Chun athrú a dhéanamh ar an mód slándála idir AIR agus AS, cliceáil an cnaipe scoránaithe agus cuir isteach an pasfhocal ceart.

Féach an tábla thíos chun cur síos ar tháscaire stádas slándála an X5 a fháil.

Stádas		Tuairisc
	Glasáilte	Léiríonn sé sin go bhfuil an mód slándála casta air, ach nach bhfuil X5 díghlasáilte ag an úsáideoir. Is féidir leat X5 a dhíghlasáil ar an leathanach díghlasála.
	Díghlasáilte	Léiríonn sé sin go bhfuil an mód slándála casta air agus go bhfuil X5 díghlasáilte ag an úsáideoir cheana. Is féidir leat an toilleadh stórála a fheiceáil ar an bpríomhleathanach agus socruithe athraithe.
Gan deilbhín	Mód slándála CASTA AS	Is amhlaidh atá nuair atá an tslándáil CASTA AS. Is féidir leat an toilleadh stórála a fheiceáil ar an bpríomhleathanach agus socruithe athraithe.




Scáileán socruithe (Mód Slándála CASTA AIR)



Scáileán socruithe (Mód Slándála CASTA AS)


- **Ainm/Pasfhocal**

Is féidir leat Ainm agus Pasfhocal a athrú. Chun an pasfhocal a athrú, cliceáil ar an gcnaipe "ATHRAIGH".




## 5. Nuashonraigh Bogearraí agus Dochtearraí táirge

Taispeánfar nuashonruithe infhaighte faoi nuashonruithe Bogearraí/Dochtearraí ar bhun an phainéil ar chlé má bhíonn do ríomhaire ceangailte leis an idirlíon.



Ach cliceáil ar an gcnaipe “NUASHONRAIGH” (  ), is féidir leat dul go dtí leathanach nuashonraithe.



Nuashonraigh an scáileán


Ach cliceáil ar an gcnaipe “NUASHONRAIGH” ( UPDATE ), is féidir leat na bogearraí (“SW”) nó na dochtearraí (“FW”) is déanaí a íoslódáil agus iad a nuashonrú.

Ach cliceáil ar an gcnaipe scoránaithe “Seiceáil go huathoibríoch do nuashonrú” ( ON ), is féidir leat roghnú chun is go nuashonrófaí bogearraí agus dochtearraí go huathoibríoch nuair a bhíonn Samsung Portable SSD ceangailte.

Ach cliceáil ar an gcnaipe "athnuaigh" ( ), is féidir leat an stádas nuashonraithe a athnuachan.

Ach cliceáil ar chnaipe na saighde síos ( ), feicfidh tú faisnéis mhionsonraithe faoin nuashonrú lena mbaineann.

\*Nuair a athraíonn úsáideoir "Seiceáil le haghaidh Nuashonrú go hUathoibríoch" ó CASTA AS go CASTA AIR, ní athnuaítear an fhaisnéis nuashonraithe láithreach bonn leis na bogearraí. Déantar an fhaisnéis nuashonraithe a athnuachan nuair a chliceálann ceachtar úsáideoir ar an gcnaipe "athnuaigh" nó nuair a bhíonn Samsung Portable SSD nasctha le ríomhaire.



I gcás X5, tá nuashonrú bogearraí Samsung Portable SSD ar fáil do leaganacha macOS agus Windows OS araon. Ach níl nuashonrú dochtearraí X5 ar fáil ach amháin do leagan Windows OS.

\* I gcomhair nuashonruithe Dochtearraí, ní mór mód slándála bheith casta AS. D'fhéadfadh rochtain ar bith ar PSSD, lena n-áirítear cóipeáil/scríosadh/formáidiú deighilte, agus na Dochtearraí á nuashonrú, iompar neamhghnách nó damáiste don PSSD a ghiniúint.

\* Ach a mbeidh na Dochtearraí nuashonraithe, dícheangail agus athcheangail PSSD chun a chinntiú go raibh an nuashonrú Dochtearraí rathúil.



Oibríonn X5 ar ríomhairí pearsanta (Mac / Windows PC) a thacaíonn le Thunderbolt™ 3. Ní thacaíonn ach amháin leaganacha ríomhaire (macOS version/Windows OS version) de Bhogearraí Samsung Portable SSD leis an X5, agus ní thacaíonn an leagan Android reatha (Aip).

I gcás X5, tá nuashonrú bogearraí Samsung Portable SSD ar fáil do leaganacha macOS agus Windows OS araon. Ach níl nuashonrú dochtarraí X5 ar fáil ach amháin do leagan Windows OS.

## 6. Scrios "Bogearraí Samsung Portable SSD"

Bogearraí a scriosadh ar gach OS

OS Ríomhaire		Tuairisc
Windows OS	Má shuiteáil an t-úsáideoir Bogearraí ag úsáid SamsungPortableSSD_Setup_Win.exe	Is féidir bogearraí a dhíshuiteáil trí "Díshuiteáil nó athraigh ríomhchlár". Téigh chuig an bpainéal Rialúcháin → Feidhmchlár → Feidhmchlár agus Gnéithe → Díshuiteáil nó athraigh feidhmchlár → Déchliceáil ar "Bogearraí Samsung Portable SSD" agus roghnaigh "Yes"
	Má shuiteáil an t-úsáideoir Bogearraí ag úsáid SamsungPortableSSD.exe	Ní mór bogearraí a scriosadh de láimh trí PSSD_Cleanup.bat a rith i gcosán suiteála feidhmchlár. (De ghnáth c:\ProgramData\Samsung Apps\Portable SSD\PSSD_Cleanup.bat) Féach na Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin Samsung ( <a href="http://www.samsung.com/samsungssd">http://www.samsung.com/samsungssd</a> ) le haghaidh tuilleadh sonraí.
Mac OS		Caithfear feidhmchlár a a scriosadh de láimh ach Cleanup.scpt a rith sa chosán suiteála Bogearraí. (De ghnáth #osascript ~/Library/Application Support/PortableSSD/CleanupAll.scpt) *D'fhéadfadh sé nach scriosfadh glantóir tríú páirtí amhail AppCleaner Bogearraí "Samsung Portable SSD" go hiomlán. Féach na Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin Samsung ( <a href="http://www.samsung.com/samsungssd">http://www.samsung.com/samsungssd</a> ) le haghaidh faisnéise mionsonraithe.

## 7. Roghnaigh Teanga Réamhshocraithe SW

Is féidir teanga réamhshocraithe a roghnú faoin Socrú Réigiúnach.

## 8. Fógra faoi Cheadúnas Foinse Oscailte

<http://opensource.samsung.com/opensource/PortableSSD/seq/0>

# Rabhadh

D'fhéadfadh gortú, damáiste don táirge nó cailteanas sonraí tarlú má theipeann ort cloí leis na treoracha agus na rabhaidh i ngach cuid den lámhleabhar seo. Léigh go cúramach sula n-úsáideann tú an táirge.

## Cúltacaigh sonraí tábhachtacha

Ní féidir le córas ríomhaireachta ar bith bheith iomlán slán. Ní thugann Samsung ráthaíocht agus/ná baránta de chineál ar bith i gcoinne cailteanais sonraí ar an X5 faoi chúinse ar bith. Séanann Samsung aon dliteanas as anacair mhothúcháinach/nó díobháil nó cailteanas airgeadaíochta agus/nó colanda de thoradh cailteanais nó aischur sonraí a stóráiltear ar an X5. Bí cinnte sonraí tábhachtacha a chóipeáil le cúlta i gcónaí.

## Cosain pasfhocal úsáideora

Ní féidir rochtain a fháil ar shonraí úsáideora má dhéantar dearmad ar an bpassfhocal óir go mbaintear leas as ardteicneolaíochtaí criptiúcháin sa X5. Scríobh síos do phasfhocal agus stóráil é in áit shábháilte. Más amhlaidh nach féidir an táirge a úsáid toisc nár chuir tú pasfhocal ceart isteach, ní féidir an táirge a aischur ach é a athshocrú ar na socruithe monarchan trí sheirbhís ar líne de chuid Ionad Seirbhíse Samsung. Is amhlaidh a chaillfear na sonraí úsáideora go léir nuair a dhéantar na socruithe monarchan a aischur. Bí cinnte sonraí tábhachtacha a chóipeáil le cúlta go rialta.

## Ceangail le Gléasanna Creidiúnaithe; Comhlíonadh le Caighdeán Sábháilteachta

Dearadh an táirge seo chun teorainneacha maidir le hídiú cumhachta a chomhlíonadh de réir caighdeán sábháilteachta. Úsáid gléasanna agus poirt chomhéadain atá ag teacht leis na caighdeáin ghaolmhara.

## Seachain Suaitheadh, Creathadh

Seachain suaitheadh nó creathadh ar bith den táirge a mbeadh mífhéidhmiú nó cailliúint sonraí mar thoradh air.

## Ná Díchóimeáil, Ná Déan díobháil, nó ná Bain lipéad

Ná díchóimeáil an táirge agus ná déan díobháil agus ná bain aon ghreamáin ná lipéid den táirge. Más amhlaidh go ndearnadh an táirge a dhíchóimeáil nó más amhlaidh gur bhain an t-úsáideoir an lipéad, beidh gach ráthaíocht neamhbhailí. Chun críche deisiúcháin, ná déan teagmháil ach amháin le hIonad Seirbhíse Samsung nó soláthraithe seirbhíse eile mar sin arna n-ainmniú ag Samsung.

## Úsáid Oiriúintí Dílse

Úsáid páirteanna agus oiriúintí dílse i gcónaí arna ndeimhniú ag Samsung. Ní bheidh Samsung faoi dhliteanas as aon díobháil don táirge ná cailteanas sonraí úsáideora de dheasca páirteanna nó oiriúintí neamhdhílse a úsáid.

## Bain úsáid i dTeocht agus Taise Chuí

Úsáid an táirge seo i dtimpeallacht chuí: teocht idir 5°C - 35°C agus taise idir 10 - 80%.

## Ná húsáid an lámh láidir agus tú ag tarraingt nó ag díphlugáil an chábla

Ná húsáid an lámh láidir agus tú ag tarraingt nó ag díphlugáil an chábla. D'fhéadfadh ceangal neamhchobhsaí nó díobháil don nascóir a bheith mar thoradh air sin.

## Feidhmigh Scanadh agus Nuashonruithe Víris

Lean na treoracha sábháilteachta seo a leanas chun ionfhabhtuithe víreas a chosc.

- Suiteáil ríomhchlár frithvíreas ar an ríomhaire dá bhfuil an X5 ceangailte leis, agus déan scanadh víreas go rialta.
- Nuashonraigh an córas oibriúcháin agus na bogearraí frithvíreas leis an leagan is déanaí i gcónaí.
- Tar éis comhaid a íoslódáil chuig an X5 déan scanadh víreas sula n-osclaíonn tú an comhad.

## Glan an Táirge

Moltar duit an táirge a ghlanadh ach é a chuimilt le héadach bog. Ná húsáid uisce, substaintí ceimiceacha ná glantach. D'fhéadfadh na nithe sin a bheith ina gcúis le dídhathú nó creimeadh ar dhreach an táirge, agus d'fhéadfadh dóiteán nó turraing leictreach bheith mar thoradh orthu.

## Coimeád ar shiúl ó aimsiú Leanaí, Naíonán agus Ainmhithe

Gabhann baol plúchta le páirteanna beaga. Coimeád an táirge ar shiúl ó leanaí, naíonán nó ainmhithe ar eagla go gcuirfidís an táirge nó na páirteanna de sa bhéal.

# Sonraíochtaí agus Deimhnithe an Táirge

## Sonraíochtaí an Táirge

Samsung Portable SSD X5			
Comhéadan	Thunderbolt™ 3 (40 Gbps)		
Comhoiriúnacht	H/W) Ríomhairí Mac agus Windows le poirt Thunderbolt 3 (Gan bheith comhoiriúnach go siarghabhálach/ní oibríonn ar ríomhairí nach dtacaíonn ach amháin le USB) OS) macOS Sierra (10.12) nó níos airde / Windows 10 64bit RS 2 nó níos airde		
Faisnéis faoi Chrua-Earraí	Toillidh	500GB/1TB/2TB <sup>7)</sup>	
	Toisí	119 x 62 x 19.7 mm (4.7 x 2.4 x 0.8 orl.)	
	Meáchan	150 gram (5.3 unsa) <sup>8)</sup>	
Feidhmíocht	Léamh Seicheamhach	Suas le 2,800 MB/soic <sup>9)</sup>	
	Scríobh Seicheamhach	Suas le 2,300 MB/soic <sup>9)</sup> (500GB: Suas le 2,100 MB/s)	
Slándáil	Criptiúchán	Criptiúchán crua-earraí AES 256-giotán	
	Slándáil	Cosaint phasfhocail (Roghnach)	
Iontaofacht	Teocht	Oibriúcháin	0°C chuig 60°C
		Neamh-Oibriúcháin	-40°C chuig 85°C
	Bogthaise	Neamh-Oibriúcháin	65°C, 95%
	Turraing	Neamh-Oibriúcháin	1,500G, fad: 0.5ms, 3 ais
	Creathadh	Neamh-Oibriúcháin	10~2,000Hz, 20G
Deimhnithe		CE, BSMI, KC, VCCI, C-tick, FCC, IC, UL, TUV, CB	
Comhlíonadh RoHS		RoHS 2	
Baránta		Baránta teoranta thrí (3) bliana	

<sup>7)</sup> 1 GB=1,000,000,000 giotán, 1 TB=1,000,000,000,000 giotán. D'fhéadfadh do ríomhaire toilleadh ní b'ísle a léiriú mar gheall go bhfuiltear ag úsáid caighdeán tomhais dhifriúil.

<sup>8)</sup> D'fhéadfadh meáchan beacht an táirge bheith éagsúil de réir toillidh.

<sup>9)</sup> Déantar an t-uasluas aistrithe sonraí a thomhas ar bhonn chaighdeán thástála inmheánacha Samsung leis an gcábla Thunderbolt™ 3 iniata. D'fhéadfadh leibhéal éagsúla feidhmíochta a bheith i gceist ag brath ar óstchumraíocht, cábla agus comhshaol córais úsáideora.

## Deimhnithe



### Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach

Tásctar leis an tsiombail seo ar an táirge nó ar a phacáistíocht nach mór an táirge seo a dhiúscairt le do dhramhaíl teaghlaigh. Ina ionad sin, is fútsa atá sé chun do threalamh dramhaíola a dhiúscairt ach é a thabhairt ar láimh chuig pointe bailiúcháin ainmnithe d'athchúrsáil dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh. Cuideoidh bailiú agus athchúrsáil ar leithligh do dhramhthrealaimh tráth na diúscartha chun acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus chun a chinntiú go n-athchúrsáiltear é ar bhealach ina dtugtar cosaint don tsláinte dhaonna agus don chomhshaol. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin áit ar féidir leat do dhramhthrealamh a ligean uait dá athchúrsáil, déan teagmháil le d'oifig cathrach áitiúil, le do sheirbhís diúscartha dramhaíola, nó leis an siopa mar ar cheannaigh tú an táirge.

### RÁITEAS COMHLÍONTA CHEANADA

Sásaíonn an fearas digiteach d'Aicme B gach riachtanas de Rialacháin Cheanada maidir le Trealamh lena ngintear Trasnaíocht.



### FCC (COIMISIÚN CUMARSÁIDE CÓNADHME) RÁITEAS

Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon athrú nó mionathrú nach bhfuil údaraithe go sainráite ag an bpáirtí atá freagrach as comhlíonadh, údarás an úsáideora d'oibriú an trealamh a neamhniú.

Rinneadh an trealamh seo a thástáil agus a fhíorú chun bheith comhlíontach leis na teorannacha do ghléas digiteach d'Aicme B, de bhun cuid 15 de rialacha FCC.

Tá na teorainneacha sin deartha chun cosaint réasúnta a thabhairt i gcoinne trasnaíochta díobhálaí i suiteáil chónaitheach.

Gineann, úsáideann agus radaíonn an trealamh seo fuinneamh radaimhnicíochta, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le trasnaíocht dhíobhálach raidió ar chumarsáid gan sreang mura suiteáiltear agus mura n-úsáidtear é de réir na dtreoracha.

Níl aon ráthaíocht ann ámh nach dtarlóidh an trasnaíocht i suiteáil faoi leith. Má dhéantar trasnaíocht dhíobhálach ar raidió nó glacadh teilifíse leis an trealamh seo, ar féidir í a chinntiú ach trealamh a chasadh as agus air, tugtar spreagadh don úsáideoir chun iarracht a dhéanamh chun an trasnaíocht a cheartú ach ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a ghlacadh:

- An aeróg ghlactha a atreorú nó a athlonnú.
- Méadaigh an deighilt idir an trealamh agus an glacadóir.
- Ceangail an trealamh le hasraon ar chiorcad éagsúil óna bhfuil an glacadóir ceangailte.
- Ceadaigh leis an gceannaí nó le teicneoir raidió/teilifíse le taithí i gcomhair cúnamh.

Comhlíonann an gléas seo Cuid 15 de Rialacháin FCC.

Tagann an t-oibriúchán faoi réir an dá choinníoll seo a leanas:

- 1) ní tharlaíonn trasnaíocht dhíobhálach leis an ngléas seo, agus
- 2) ní foláir don ghléas seo glacadh le haon trasnaíocht a fhaightear, lena n-áirítear

trasnaíocht a d'fhéadfadh oibriúchán gan choinne an ghléis a ghiniúint

#### Úsáid taobh istigh amháin

Rabhadh FCC: Tabhair faoi deara go bhféadfadh aon athrú nó mionathrú nach bhfuil údaraithe go sainráite ag an bpáirtí atá freagrach as comhlíonadh, údarás an úsáideora d'oibriú an trealaimh a neamhniú.



### DEARBHÚ AN DÉANTÚSÓRA (T) i gcomhair DEIMHNIÚ CE

Dearbhaíonn leis seo go gcomhlíonann an/na táirge/táirgí seo na riachtanais bhunúsach agus na forálacha ábhartha de na Treoracha 2014/30/AE, 2014/35/AE agus 2011/65/AE.

Úsáid taobh istigh amháin.

### Samsung Electronics

Blackbushe Business Park, Yateley, GU46 6GG. An Ríocht Aontaithe



### KC (Korea Certification)

식별부호: 하기 참조

상호명: 삼성전자(주)

제조사/제조국가: 삼성전자(주)/한국

제조연월: 별도표기

모델명: 하기 참조

정격: 하기 참조

제조 업체명: Samsung Electronics Co., Ltd.

모델명	정격		식별부호
MU-PB500B	5V	2.5V	R-REM-SEC-MU-PB2T0B
MU-PB1T0B	5V	2.5V	
MU-PB2T0B	5V	2.5V	

※ 이 기기는 가정용(B급) 전자파적합기기로서 주로 가정에서 사용하는 것을 목적으로 하며, 모든 지역에서 사용할 수 있습니다.